

Tá áthas ar An Post tionscnamh nuálach litearthachta agus uimhirtheachta le cur chuige cluichithe agus atá dírithe ar dhaltá i mbliain 1 & 2 sna meánscoileanna a sheoladh;

'An Post Brain Busters'

Agus spreagadh á thógáil againn ó na módhanna agus ón spraoi a bhaineann le dúshláin sheomraí éalaithe, tugaimid cuireadh do do chuid daltaí babhta gearr spraíúil a chríochnú le cáiliú le hionadaíocht a dhéanamh ar son do scoile i gCraobh Náisiúnta mór le rá i mí Aibreáin 2022.



Tá sé éasca páirt a ghlacadh ann!

Níl uait ach foirm iontrála. Is scéal simplí atá i gceist ach tá dúshláin litearthachta (chomh maith le dúshláin shimplí uimhirtheachta) neadaithe ann chun scileanna na ndaltaí a thástáil. Deardadh na ceisteanna spraoi seo do ranganna Bearla.

Nuair atá gach iontráil aonair críochnaithe ag do rang cuir bailiúchán iomlán an ranga chugainn. Féachfaimid ar na hiontrálacha aonair seo ar fad.

Sa gcás go roghnófar dalta ó do rang chun ionadaíocht a dhéanamh ar son do scoile i mí Aibreáin is féidir le beirt eile teacht in éineacht leis/léi ar an bhfoireann.

Chomh maith leis sin cuirfear gach múinteoir a chuireann iontrálacha isteach i gcrannchur chun deireadh seachtaine saoire de luach €250 a bhuachaint.

Spriodhata:
Dé Céadaoin
17 Samhain

Tabharfaidh an eachtra seo deis do dhaltá iad fhéin a bhá i scéal mealltach suimiúil de réir mar atá sé á insint, páirt a ghlacadh ann mar phríomhcharachtair agus a gcuid scileanna litearthachta agus uimhirtheachta a thástáil ag an am céanna tríd tabhairt faoi 10 ndúshlán chun 'an cás a bhriseadh'...

Is múinteoirí a dhear agus a d'fhorbair an coincheap, na dúshláin agus na hábhair ar fad i gcomhar le hionchur ón matamaiticeoir cáiliúil Dr Finn MacLeod, ón eolaí Niamh Shaw agus ón údar Oisín McGann.

Bronnfar teastas ar gach duine a ghlacann páirt sa chraobh i mí Aibreáin. **Buafaidh an fhoireann is fearr €1000 dá scoil** agus dá bhfoireann agus gheobhaidh a múinteoir deireadh seachtaine saoire freisin.

Ba bhreá linn go mbeadh do scoil páirteach. Tá breis faisnéise (lena n-áirítear T&C agus foirm iarratais le híoslódáil), ar fáil ag www.anpost.com/brainbusters. Le haghaidh tuilleadh eolais tar i dteagmháil inn ag brainbusters@anpost.ie nó **01 522 4837**.